Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12479/20**

**ECOFIN 983**
**UEM 354**
**SOC 654**
**EMPL 476**
**COMPET 529**
**ENV 675**
**EDUC 385**
**RECH 429**
**ENER 401**
**JAI 886**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12264/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "An Seimeastar Eorpach – Cé go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha sna moltaí tírshonracha, ní mór iad a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr" |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "An Seimeastar Eorpach – Cé go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha sna moltaí tírshonracha, ní mór iad a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr" arna bhformheas trí nós imeachta i scríbhinn an 6 Samhain 2020.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "An Seimeastar Eorpach – Cé go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha sna moltaí tírshonracha, ní mór iad a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr"**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "An Seimeastar Eorpach – Cé go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha sna moltaí tírshonracha, ní mór iad a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr".

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur creat fíor-riachtanach é an Seimeastar Eorpach chun an beartas eacnamaíoch, fioscach agus fostaíochta a chomhordú. IS DÍOL SÁSAIMH DI go n-aithnítear sa Tuarascáil Speisialta go léirítear i Straitéis Bhliantúil an Fháis Inbhuanaithe 2020 go ndearnadh atreorú ar straitéis an Aontais ionsar an bhfás inbhuanaithe, lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus an Comhaontú Glas don Eoraip. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé gur go rianúil a tharlódh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfacthas le linn phaindéim COVID-19 méadú ag teacht ar an tábhacht atá le comhordú éifeachtach ar bheartais eacnamaíocha agus gur den ríthábhacht a leithéid chun téarnamh pras a bhaint amach, chun athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta gheilleagair an Aontais a neartú, chun an inbhuanaitheacht a fheabhsú, agus chun feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair a áirithiú.

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an rannchuidiú luachmhar a dhéantar sa tuarascáil leis an Seimeastar Eorpach a mheas agus le réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu ach a mbeidh deireadh le téarma 10 mbliana na straitéise Eoraip 2020.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige cuimsitheach lena dtiomsaítear sa tuarascáil gach ar foghlaimíodh ón dul chun cinn a rinneadh i dtreo spriocanna Eoraip 2020; is díol sásaimh di an bealach ar ceapadh, ar cuireadh chun feidhme, agus a ndearnadh faireachán ar na moltaí tírshonracha, agus an bealach a ndéanann an tuarascáil comhlánú ar na tuarascálacha a réitigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go dtí seo maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus leis an Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch[1]. Ós amhlaidh atá, MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle a glacadh maidir leis an dá thuarascáil a réitíodh go dtí seo[2].

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur roimh phaindéim COVID-19 a cuireadh an obair iniúchóireachta i gcrích, rud a fhágann nach gcuirtear san áireamh sa tuarascáil na hathruithe atá tagtha ar an timpeallacht eacnamaíoch ná forbairtí beartais de fhreagairt ar an bpaindéim. AITHNÍONN SÍ go bhfuil torthaí na tuarascála fós ábhartha ó tharla athrú ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus beartais, ach go bhfuil cuid eile de thátail na tuarascála ar lú a n-ábharthacht don staid nua.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh na tuarascála i.e. gur dócha go mbainfear sé cinn as ocht gcinn de chuid spriocanna Eoraip 2020 amach, ach nach hé a fhearacht sin é ag na spriocanna maidir le maolú na bochtaineachta, agus maidir le taighde agus forbairt. Is den tábhacht i gcónaí spriocanna taighde agus forbartha a bhaint amach chun táirgiúlacht agus iomaíochas domhanda gheilleagair an Aontais a fheabhsú. I bhfianaise na géarchéime reatha, is ábhartha ná riamh na hiarrachtaí atá ar bun chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú agus ó tharla nach mór feabhas a chur ar athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta na mBallstát.

7. AONTAÍONN SÍ le toradh na tuarascála i.e. nach leor na moltaí tírshonracha a chur chun feidhme ach nach mór iad a neartú freisin. AITHNÍONN SÍ nach mór faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí sin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil úinéireacht na mBallstát ríthábhachtach chun a áirithiú go n-éireoidh leis na hathchóirithe agus IARRANN SÍ go bhfeabhsófaí an trédhearcacht agus go mbeidh idirphlé beartais oscailte idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir leis na dúshláin is mó a ghabhann leis an athchóiriú agus leis an infheistíocht a shainaithint.

---

[1] Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Iniúchóireacht ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (MIP)" agus Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Ar baineadh amach príomhchuspóir ghéag choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis?"

[2] Conclúidí ón gComhairle an 13 Márta 2018 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Iniúchóireacht ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (MIP)" (6680/18 ón gComhairle) agus conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Ar baineadh amach príomhchuspóir ghéag choisctheach an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis?”

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh na tuarascála i.e. gur minic nach mínítear sna cláir náisiúnta um athchóiriú céard go díreach a bhíonn beartaithe ag na húdaráis. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur uirlis de chuid an bheartais náisiúnta iad na cláir náisiúnta um athchóiriú, a ullmhaítear i gcomhairle leis na geallsealbhóirí náisiúnta, agus a chuirtear in oiriúint do riachtanais an Bhallstáit. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí, mar chuid den idirphlé leanúnach leis an gCoimisiún agus i gcomhthéacs an fhaireachais iltaobhaigh ar an mbeartas eacnamaíoch, faisnéis bhreise a chur ar fáil, de réir mar is gá. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuirfeadh tuilleadh treorach agus cuíchóirithe maidir leis na cláir le trédhearcacht agus le hinchomparáideacht na gclár sin, agus go seachnófaí san am céanna ualach iomarcach riaracháin.

9. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an deis ann leas níos fearr a bhaint as an maoiniú atá ar fáil ón Aontas chun tacú le hathchóirithe a chur chun feidhme. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil acmhainneacht nach beag ag an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta chun spreagadh a thabhairt don athchóiriú agus don infheistíocht.

10. I gcomhréir le torthaí na tuarascála, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de mhíniú a thabhairt sna haithrisí a ghabhann leis na moltaí ar an réasúnaíocht is bonn le roghnú na dtosaíochtaí athchóirithe agus infheistíochta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór cuspóirí soiléire a bheith ann agus nach mór an inrianaitheacht agus an chomhsheasmhacht idir tacair éagsúla de spriocanna an tSeimeastair Eorpaigh a mhéadú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtugtar an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais a ghabhann leis na hathchóirithe.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil go leor de na hathchóirithe struchtúracha, lena n-áirítear athchóirithe i gcúrsaí pinsin agus cánach, go bhfuil siad casta agus go nglacann sé blianta iad a chur chun feidhme, agus go mbíonn gníomhaíochtaí beartais i roinnt réimsí gaolmhara agus comhairliúcháin le geallsealbhóirí go leor i gceist sa chúram sin. Dá bhrí sin, IARRANN SÍ go dtiocfaí ar dhearcadh meántéarmach athbhreithnithe sna moltaí tírshonracha ina dtugtar aghaidh ar an méid sin, agus go ndéanfaí an móiminteam á chaomhnú, lena n-áirítear trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh.

12. AITHNÍONN SÍ go ndéanfar an Seimeastar Eorpach a choigeartú i dtimthriall 2021 chun an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta atá ar na bacáin a chur chun feidhme, rud a athróidh go sealadach an leagan amach a bhíonn ar phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh ar bhonn sealadach i gcomparáid leis na moltaí a rinne an Chúirt Iniúchóirí. IARRANN SÍ ar na geallsealbhóirí uile leas a bhaint as an deis mhór a ghabhann leis an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta chun infheistíocht a spreagadh agus chun cur chun feidhme athchóirithe a spreagadh, agus a áirithiú go mbeidh ann próiseas éifeachtúil comhleanúnach don chomhordú beartais lenar féidir faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann beartas i ngach ceann de na réimsí a chumhdaítear faoin Seimeastar Eorpach.